An Roinn Oideachais
Department of Education

# Nóta faisnéise ar Chigireachtaí Teagmhasacha, 2021/22

Soláthraítear leis an nóta faisnéise seo treoir faoi obair na Cigireachta d'fhonn tacú le múinteoiri agus scoileanna agus comhairle a_ thabhairt dóibh maidir le teagasc agus foghlaim trí chuairteanna cigireachta teagmhasacha. Díríonn cigireachtaí teagmhasacha go príomha ar cháilíocht an tsoláthair oideachais a bhíonn ag foghlaimeoirí i ngnáthchúrsaí scoile ó lá go lá.

Ón scoilbhliain seo, baileoidh an Chigireacht, le linn cigireachtaí teagmhasacha, roinnt faisnéise faoi chur chun feidhme gnéithe de bhearta frithbhulaíochta agus daltaí/scoláirí a chur ar amchláir laghdaithe i scoileanna.

Déantar cigireachtaí teagmhasacha i gcoinne chúlra ghnáthobair na scoile, agus is cigireachtaí aon lá amháin iad gan réamhfhógra de ghnáth. Faoi láthair, faigheann scoileanna réamhfhógra, ar an teileafón, faoi chigireacht theagmhasach d'fhonn a chinntiú gur féidir le cigirí Plean Freagartha COVID-19 na scoileanna do chuairteoirí a chomhlíonadh.

Glacann cigirí cur chuige solúbtha agus cuireann siad comhthéacs na scoile aonair san áireamh agus cigireachtaí teagmhasacha á ndéanamh acu. Le linn na cigireachta teagmhasaí, déanann an cigire an méid a leanas:

- Tugann sé nó sí faoi **ghníomhaíochtaí a mbíonn baint acu go hiondúil** leis an gcigireacht theagmhasach i.e. breathnóireachtaí ar theagasc agus ar fhoghlaim agus soláthraíonn siad aiseolas, tacaíocht agus comhairle, Faireachán ar Chosaint Leanaí Leibhéal 1
- **Tugann sé nó sí faoi ghníomhaíochtaí breise** a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar bhearta frithbhulaíochta[1] (*Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, 2013)* agus faireachán ar dhaltaí/scoláirí a chur ar Amchláir Laghdaithe.

Le linn na cigireachta teagmhasaí, bheadh sé ina chuidiú dá bhféadfaí tréimhse ama a chur ar leataobh le haghaidh plé idir an cigire agus an príomhoide maidir leis na réimsí fócais sin, lena n-áirítear tosaíochtaí na scoile maidir le cultúr agus timpeallacht dhearfach scoile a chruthú.

Tar éis na cigireachta teagmhasaí, gheobhaidh an scoil **Nóta scríofa gairid** maidir leis na réimsí frithbhulaíochta a pléadh. Eiseofar an Nóta sin tríd an bpróiseas Dearbhaithe Fíricí (DF) chuig an bpríomhoide agus cathaoirleach an bhoird. Is féidir leis an scoil a bhfuil san áireamh ann a úsáid chun a bearta frithbhulaíochta a threorú agus chun aon bhearta riachtanacha a dhéanamh d'fhonn iad sin a neartú.

D'fhorbair an Chigireacht **seimineár gréasáin** gearr chun faisnéis a sholáthar maidir le faireachán a dhéanamh ar bhearta frithbhulaíochta i scoileanna. Is féidir teacht air i Seimineár Gréasáin Frithbhulaíochta do na Bunscoileanna agus do na hIar-Bhunscoileanna. Scaipeadh an nasc chuig an seimineár gréasáir sin ar gach scoil trí Easinet. I gCiorcláin 0032/2021 (Bunscoil) agus 0033/2021 (Iar-bhunscoil agus ionaid oideachais) soláthraítear faisnéis freisin faoi na réimsí fócais.

### Naisc le doiciméid treorach agus ciorcláin

| | |
|---|---|
| *Treoir maidir le Cigireacht in mBunscoileanna* | *Ciorclán 0032/2021* |
| *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-bhunscoileanna* | *Ciorclán 0033/2021* |

[1] Déanfar miontuairiscí chruinnithe an bhoird bainistíochta a athbhreithniú mar chuid den fhaireachán ar bhearta frithbhulaíochta le linn na cigireachta teagmhasaí.